C/2024/997

18.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11143 — CMA CGM / BOLLORE LOGISTICS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/997)

1. An 5 Eanáir 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CMA CGM S.A. ('CMA CGM', an Fhrainc), atá faoi rialú aonair Merit (an Fhrainc),

— Bolloré Logistics SE ('Bolloré Logistics', an Fhrainc), atá faoi rialú aonair Bolloré SE ('Bolloré', an Fhrainc).

Gheobhaidh CMA CGM rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Bolloré Logistics ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é CMA CGM máthairchuideachta CMA CGM Group, ar grúpa cuideachtaí idirnáisiúnta é atá gníomhach go príomha i loingseoireacht línéar coimeádán, seirbhísí seolta lasta, seirbhísí lóistíochta ar conradh, seirbhísí críochfoirt calafoirt agus seirbhísí aerlasta a sholáthar,

— Soláthraíonn Bolloré Logistics seirbhísí seolta lasta san aer, ar muir agus ar thalamh, chomh maith le seirbhísí lóistíochta ar conradh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11143 — CMA CGM / BOLLORE LOGISTICS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').